Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2022
(OR. fr)

7378/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0041(NLE)**

TRANS 157

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 6525/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 57ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil le leasuithe áirithe ar Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród<br>– Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle an 16 Márta 2022. Baineann sé leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) faoi chuimsiú na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF), a bhfuil de chúram uirthi rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí agus earraí d'iarnród idir a Ballstáit. D'aontaigh an tAontas do COTIF in 2011 de bhun Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011.

2. Is é is aidhm don togra tacú, i gCoiste Saineolaithe OTIF maidir le hIompar Earraí Contúirteacha, le formheas leasuithe teicniúla áirithe ar na Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), ar leasuithe iad a fhoirmíonn Aguisín C a ghabhann le COTIF. Beartaítear leasuithe den chineál sin a dhéanamh gach 2 bhliain chun na rialacha atá i bhfeidhm a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise aon dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch; is toradh iad ar chomhordú casta idirnáisiúnta lena mbaineann saineolaithe ó fhóraim idirnáisiúnta eile a dhéileálann le hiompar de bhóthar agus le hiompar ar uiscebhealaí intíre.

3. Beidh an 57ú seisiún den Choiste Saineolaithe ar siúl i mBeirn na hEilvéise an 25 Bealtaine 2022. Tiocfaidh na rialacha atá le glacadh ag an gcruinniú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Márta 2022 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an dréacht.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 7309/1 + ADD 1[1] é, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a fhormheas, agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

6. A luaithe a ghlacfar an Cinneadh, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.

[1] Scaipfear an doiciméad seo san iarnóin an 5 Aibreán 2022 ar a dhéanaí.